Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Bainistiú inbhuanaithe uisce agus éigeandáil aeráide: réitigh chiorclacha agus réitigh eile do chóras agraibhia an Aontais i 'gComhaontú Gorm' a bheidh ann amach anseo

(tuairimí féintionscnaimh)

(2023/C 349/13)

Rapóirtéir: **Josep PUXEU ROCAMORA**

Comhrapóirtéir: **John COMER**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	28.6.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	13.7.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	580
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	181/0/0

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá patrúin bháistí san Aontas Eorpach ag athrú de bharr an athraithe aeráide, agus tá tionchar aige sin ar an méid uisce atá ar fáil don talmhaíocht. Mar thoradh air sin, ní hamháin go laghdaítear táirgeadh barr, ach méadaítear an t-éileamh a bhíonn ar bharra freisin i measc úsáideoirí éagsúla (an pobal, earnáil na tionsclaíochta agus earnáil na talmhaíochta). Ina theannta sin, tá gníomhaíochtaí an duine ag cur isteach ar cháilíocht an uisce freisin, rud a ardaíonn líon na gcothaitheach agus na dtruailleán san uisce.

1.2. Leagadh síos cuspóirí sa Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT), sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus sa Straitéis Bhithéagsúlachta chun táirgeadh inbhuanaithe bia a bhaint amach agus chun na héiceachórais a chosaint. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ní mór don earnáil agraibhia limistéir thuaithe agus struchtúir táirgthe a chothabháil, tacaíocht a thabhairt do tháirgeoirí ar an leibhéal áitiúil, talamh agus uisce a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chomh maith le neamhspleáchas straitéiseach oscailte a chur i bhfeidhm. Is acmhainn bhunúsach é an t-uisce chun bia a tháirgeadh agus, dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go n-áiritheofar go gcuirfear dóthain uisce d'ardchaighdeán ar fáil agus go ndéanfar é a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chun táirgeadh leordhóthanach agus inbhuanaithe bia a ráthú san Aontas Eorpach. Ba cheart do scéimeanna uile CBT bainistiú inbhuanaithe agus éifeachtúil uisce a spreagadh, lena n-ionchorpraítear táscairí i ngach Ballstát chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i leith bainistiú uisce.

1.3. Chun uisce a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe ní mór díriú ar bhainistíocht soláthair agus bearta á ndéanamh chun a chinntiú go mbeidh uisce ar fáil do gach úsáideoir. Ní mór bainistíocht soláthair a bheith chomh héifeachtúil agus is féidir. Is éard a bheadh i gceist leis sin caillteanais a laghdú, úsáid a chur in ord tosaíochta, deireadh a chur le húsáid neamhdhleathach, bearta a ghlacadh chun inbhuanaitheacht an chórais ina iomláine a áirithiú agus, ar deireadh, cur chuige a ghlacadh i gcomhréir leis na straitéisí chun táirgeadh leordhóthanach bia san Aontas a dhaingniú.

1.4. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh caighdeáin ann atá dírithe ar úsáid uisce in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, mar shampla an talmhaíocht agus an tionsclaíocht, trí struchtúr rialachais a fhorbairt ar cheart CESE a bheith san áireamh ann, chun treoirlínte earnála maidir le húsáid uisce a fhorbairt.

1.5. Tá ról cinntitheach ag teicneolaíochtaí maidir le huisce a chur ar fáil do tháirgeadh talmhaíochta. Ní mór acmhainní buiséadacha leormhaithe agus leordhóthanacha a chur ar fáil chun taighde a dhéanamh ar an ngéanómaíocht agus chun an t-eolas sin a oiriúnú chun barra a fhorbairt atá níos frithsheasmhaí agus níos oiriúnaí do na dálaí aeráide. Beidh acmhainní ag teastáil freisin chun teicnící nua maidir le claochlú uisce a chur chun cinn, amhail athúsáid agus díshalannú. I ndáil leis an méid sin, molann CESE na bearta is gá a chur chun cinn chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt, agus urraim a thabhairt ag an am céanna do na héiceachórais ina bhfuil siad lonnaithe agus tosaíocht a thabhairt do chúrsaí comhshaoil.

1.6. Is de réir praghsanna fuinnimh a thugtar isteach teicneolaíochtaí nua a bhfuil dlúthbhaint ag a n-oibriú le húsáid breoslaí iontaise. Iarrann CESE go ndéanfaí an talmhaíocht a dhícharbónú, go ndéanfaí praghsanna talmhaíochta san earnáil phríomhúil a choigeartú, agus go mbainfí dianúsáid as foinsí inathnuaite fuinnimh chun an nasc idir fuinneamh, uisce agus bia a threisiú.

1.7. Bíonn teochtaí níos airde, imghalú méadaithe, agus méadú suntasach ar chineálacha éagsúla adhaimsire amhail triomach, tuilte, stoirmeacha agus dóiteáin de dheasca an athraithe aeráide. Bíonn sé thar a bheith deacair barr agus beostoic a tháirgeadh de bharr na fadhbanna sin. Tá gá le plean straitéiseach a bhfuil saineolas eolaíoch agus teicneolaíoch mar bhonn leis chun a chinntiú go mbeidh uisce sábháilte ar fáil don talmhaíocht ar fud an Aontais. Ní mór pleananna sonracha a ullmhú do na ceantair agus na réigiúin áitiúla sin a bhuailtear go leanúnach ag triomach agus ag tuilte. Beidh gá le buiséad speisialta neamhspleách agus línte tacaíochta, chomh maith le Rialachán de chuid an Aontais lena ndíreofar acmhainní chun pleananna lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla a chumasú agus a éascú chun dóthain uisce a sholáthar. Ní mór a áirithiú le pleananna den sórt sin go ndéanfar bonneagar uisce atá oiriúnach don fheidhm a thógáil agus a chothabháil i ngach cuid den Aontas.

2. **Uisce i gcomhthéacs thalmhaíocht na hEorpa**

2.1. Is é is aidhm don tuairim féintionscnaimh seo anailís a dhéanamh ar an uisce i gcomhthéacs na talmhaíochta ar leibhéal an Aontais i ndáil leis an éigeandáil aeráide agus an tionchar a bhíonn aige sin ar shlándáil bia agus ar inbhuanaitheacht sa todhchaí. Ardaítear sa tuairim pointí machnaimh maidir leis an tionchar a bhíonn ag eachtraí adhaimsire agus maidir le héifeachtaí bheartais agus rialacha éagsúla an Aontais. Déantar cur síos inti ar a phráinní atá bainistiú inbhuanaithe uisce agus ar na fadhbanna sonracha a mbíonn tionchar acu ar uisce i dtalmhaíocht an Aontais agus cuirtear tograí ar aghaidh chun neamhspleáchas bia an Aontais chomh maith le cáilíocht agus cainníocht an tsoláthair uisce a fheabhsú chun an cuspóir sin a bhaint amach.

2.2. Is earnáil straitéiseach san Aontas Eorpach í an talmhaíocht, go háirithe mar gheall ar an tábhacht shocheacnamaíoch a bhaineann léi. Meastar go n-uiscítear 30 % de limistéar talmhaíochta táirgiúil an Aontais, cé go bhfuil an céatadán sin níos airde i mBallstáit an deiscirt mar gheall ar na dálaí aeráide atá ann, agus gur uiscíodh 70 % de na limistéir i réigiúin áirithe ([1]).

3. **Ganntanas uisce agus na príomhdhúshláin atá ann do chóras agraibhia an Aontais**

3.1. Braitheann táirgeadh talmhaíochta ar uisce a bheith ar fáil. Bíonn tionchar ag an talmhaíocht, dá réir sin, ar chainníocht agus ar cháilíocht an uisce araon, bíodh sin trí thruailliú idirleata mar gheall ar úsáid leasachán agus lotnaidicídí, nó trí ionsá sáile a dhéanamh ar uiscígh chósta atá róshaothraithe. Meastar go bhfuil tionchar ag ganntanas uisce ar 20 % de thalamh na hEorpa agus ar 30 % dá daonra gach bliain ([2]), agus meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an strus maidir le huisce ar leibhéal an Aontais sna deich mbliana amach romhainn ([3]).

3.2. De réir sonraí ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, tháinig laghdú ar acmhainní uisce in-athnuaite ar leibhéal an Aontais ó 3 219 km^3 in 2010 go 2 883 km^3 in 2020 ([4]). Beidh tionchar diúltach ag an méadú ar theochtaí a bhfuiltear ag súil leis agus ag an imghalú níos airde ar an staid sin, rud a mhéadóidh an t-éileamh ar uisce le haghaidh na talmhaíochta agus an iomaíocht idir na dóigheanna éagsúla ina n-úsáidtear uisce.

3.3. Le 55 bliana anuas, tá laghdú 17 % tagtha ar acmhainní uisce in-athnuaite an Aontais ina iomláine in aghaidh an duine ([5]). Cé gurb é fás an daonra is cúis leis sin go pointe, is fíor freisin go gcuireann gníomhaíocht eacnamaíoch — lena n-áirítear an talmhaíocht — agus an t-athrú aeráide leis an nganntanas uisce séasúrach agus bliantúil i roinnt mhaith réigiún san Aontas.

([1]) Eurostat, *Economic accounts for agriculture by NUTS 2 regions* agus Eurostat, *Agriculture, forestry and fishery statistics*.
([2]) EEA, *Water stress is a major and growing concern in Europe*.
([3]) ECA, Special Report 20/2021: Sustainable water use in agriculture.
([4]) EEA, *Waterbase – Water Quantity*.
([5]) An Banc Domhanda, https://data.worldbank.org/indicator/ER.H2O.INTR.PC?locations=EU.

3.4. Idir 2010 agus 2016, uisce dromchla a bhí i 54 % den uisce a úsáideadh le haghaidh na talmhaíochta san Aontas, agus screamhuisce a úsáideadh le haghaidh 39 % de. Uisce athchúrsáilte a bhí i 4 % den uisce sin agus uisce a ndearnadh díshalannú air a bhí í 3 % de ([6]). D'fhéadfadh éagsúlacht mhór a bheith idir na céatadáin sin ó Bhallstát go chéile ag brath ar na dálaí aeráide. Is gné den gheilleagar ciorclach é an gealltanas fuíolluisce íonaithe a athúsáid, go háirithe ós rud é nach n-úsáidtear an athuair ach 1 100 hm^3 d'fhuíolluisce san Aontas gach bliain (thart ar 0,4 % den fhionnuisce iomlán a bhailítear san Aontas Eorpach) ([7]).

3.5. Tá earnáil na talmhaíochta ina cúis mhór le ganntanas uisce ach í thíos leis an nganntanas céanna sin freisin. De réir Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), is í an fheirmeoireacht is cúis le beagnach 70 % den asbhaint uisce ar fad, agus d'fhéadfadh an figiúr sin a bheith chomh hard le 95 % i roinnt tíortha i mbéal forbartha ([8]). Ag an am céanna, is iomaí tír a bhfuil éifeachtúlacht uisciúcháin íseal inti.

3.6. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar lorg uisce tháirgeacht talmhaíochta an Aontais, tá sé fós suntasach i limistéir ina bhfuil diansaothrú talmhaíochta agus ina bhfuil brú breise ar acmhainní uisce. D'fhéadfadh sé sin bac a chur ar theacht chun cinn gníomhaíochtaí éagsúlaithe amhail an dobharshaothrú intíre agus saothrú algaí, rud a d'fhéadfadh foinsí ioncaim breise a chur ar fáil i gceantair thuaithe áirithe san Aontas, ach a bheadh ag brath ar íosmhéid uisce ar a laghad a bheith ar fáil.

3.7. Tá an ganntanas uisce ag athrú meon daoine i leith an uisce mar acmhainn, chomh maith leis na samhlacha bainistíochta atá ann cheana. Ní mór a thuiscint gur bunacmhainn don saol é an t-uisce agus, dá bhrí sin, ba cheart é a bhainistiú mar earra eacnamaíoch gann ar ardluach. Faoi láthair, is deacair paraidímí bainistíochta atá bunaithe ar éileamh a chur i bhfeidhm agus ní mór iad a fhorbairt ar an mbealach is fearr chun an soláthar a bhainistiú, agus an tslándáil agus an inbhuanaitheacht mar chritéir chuige sin.

3.8. Ní hamháin gurb é an easpa pleanála, easpa uirlisí bainistíochta nó coinbhleacht leasa idir gníomhaithe éagsúla is cúis leis na fadhbanna a bhaineann le bainistiú acmhainní, ach is minic gurb é drochbhail an bhonneagair uiscithe agus na gcóras draenála is cúis leo. Caillteanas uisce agus úsáid neamhéifeachtúil uisce an toradh a bhíonn ar an méid sin.

3.9. Tá roinnt dúshlán roimh an talmhaíocht i ndeisceart an Aontais a bhaineann go díreach le ganntanas uisce, go háirithe triomaigh fhada, atá níos déine i réigiún na Meánmhara; infhaighteacht agus dáileadh éagothrom uisce; iomaíocht le haghaidh uisce, go háirithe le haghaidh úsáid uirbeach agus mar thoradh ar dhéine na turasóireachta. I mBallstát an tuaiscirt, is í an fhadhb a bhaineann le truailliú uisce de bharr diantalmhaíochta agus úsáid cothaitheach agus lotnaidicídí an fhadhb is mó atá ann. Ina theannta sin, le huiscebhealaí agus bealaí iompair a bheith ann a dteastaíonn sreafaí íosta uathu chun go mbeidh siad éifeachtach, cuirtear leis an iomaíocht idir na húsáidí malartacha a d'fhéadfaí a bhaint as acmhainn atá ag éirí níos teirce i gcónaí.

3.10. Is ceist an-ábhartha é neamhspleáchas straitéiseach oscailte san earnáil agraibhia mar a shainigh CESE roimhe seo ([9]). Is féidir táscairí éagsúla a úsáid chun neamhspleáchas bia an Aontais a mheas. Cé go bhfuil ráta neamhspleáchais bia an Aontais ard, áfach, ní bhaineann an ráta sin le hábhar i gcónaí, mar go mbíonn éagsúlacht mhór ann de réir cineálacha éagsúla bia agus réigiún, le heasnaimh shuntasacha i dtáirgeadh gránach, pónairí soighe agus olaí glasraí.

3.11. I dTuarascáil 2021 maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach, chuir an Coimisiún Eorpach in iúl go bhfuil an dualgas chun córais bhia inbhuanaithe athléimneacha a áirithiú ar cheann de na príomhréimsí straitéiseacha chun ceannaireacht an Aontais a neartú, agus luaigh sé an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht chun córais bhia athléimneacha inbhuanaithe a choimirciú.

3.12. Ba cheart a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as uisce glas, is é sin an chuid den bháisteach a dhéanann síothlú agus a insíothlaíonn isteach sa talamh. Ní mór ról tábhachtach na hithreach i scagachán agus ionsú uisce a neartú trí thacú le beartais athghiniúna ithreach.

([6]) Eurostat, *Annual freshwater abstraction by source and sector* agus EEA, *European waters – Assessment of status and pressures 2018*.
([7]) BIO by Deloitte, *Optimising water reuse in the EU*, Cuid I.
([8]) FAO, *Water Scarcity – One of the greatest challenges of our time*.
([9]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Neamhspleáchas straitéiseach agus slándáil agus inbhuanaitheacht bia (tuairim féintionscnaimh) (OJ C 105, 4.3.2022, p. 56).

3.13. Is é an geilleagar ciorclach an cleachtas is mó i roinnt Ballstát a tháirgeann bia i ndeisceart na hEorpa a mhéid a bhaineann le húsáid uisce (athchúrsáil uisce dhuibh nó fuíolluisce uirbigh le haghaidh uisciú) agus le haghaidh níos mó córas teicneolaíochta (díshalannú). Ag an am céanna, tá an dá réiteach an-dian ó thaobh ídiú leictreachais de agus d'fhéadfadh siad dochar a dhéanamh don ithir agus do na barra. Ní mór uisce athchúrsáilte a chóireáil i gceart agus ba cheart tús áite a thabhairt d'uisce sábháilte a áirithiú don talmhaíocht. Ina theannta sin, tagann an fuinneamh is gá ó chórais éagsúla, agus ní córais in-athnuaite iad i gcónaí. Iarrann CESE go ndéanfaí bainistiú ciorclach uisce a dhícharbónú agus go ndéanfaí úsáid foinsí malartacha fuinnimh a ghinearálú chun an nasc idir fuinneamh, uisce agus bia a threisiú.

3.14. Gearradh pionós ar an spleáchas sin ar leictreachas tríd an méadú ar phraghsanna fuinnimh in 2022, rud a raibh tionchar cinntitheach aige ar chostas an táirgthe, go háirithe i réigiúin chósta na Meánmhara áit a bhfuil gá le réitigh theicneolaíocha mar gheall ar an easnamh uisce struchtúrach.

3.15. Ní hamháin go mbíonn tionchar ag bainistiú uiscí dromchla trasteorann ar chainníocht na hacmhainne iartheachtacha, ach bíonn tionchar aige ar cháilíocht na hacmhainne sin freisin. Beag beann ar fhorálacha na Treorach Réime maidir le hUisce ([10]) agus ar an oibleagáid atá ann faoi láthair pleanáil chomhtháite a bhunú ar leibhéal na habhantraí, is léir go bhféadfaí feabhas a chur ar na sásraí bainistíochta don chineál sin uisce, trí chomhlachtaí speisialaithe nua nó tríd an reachtaíocht rialála a fhorbairt tuilleadh.

3.16. Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha áirithe téann astaíochtaí neamhrialaithe isteach i ndobharlaigh, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar an tsláinte agus ar shábháilteacht bia agus a mbíonn costas aige ar an tsochaí ina hiomláine. Tá CESE tiomanta i gcónaí do na tionscail aeráidneodracha a bhfuil astaíochtaí rialaithe acu a chur chun cinn, tionscail a bhíonn freagrach as na costais chomhshaoil a bhaineann lena dtáirgeadh.

4. **Beartais Eorpacha agus náisiúnta atá ann cheana**

4.1. Is iad an Treoir Réime maidir le hUisce agus an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) príomhchreat rialála an Aontais do ghnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla an uisce agus na talmhaíochta ([11]). Áirítear ar na cuspóirí sonracha atá molta ag an CBT nua forbairt inbhuanaithe agus bainistiú éifeachtúil acmhainní nádúrtha amhail ithir, aer agus, ar ndóigh, uisce, a chur chun cinn. Ina theannta sin, uisce is ábhar do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe Uimh. 6 de chuid na Náisiún Aontaithe, a mbaineann a spriocanna le héifeachtúlacht uisce agus le bainistiú comhtháite uisce.

4.2. Dearbhaíonn an Treoir Réime maidir le hUisce gur acmhainn nádúrtha é an t-uisce nach mór a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Chuige sin, bunaítear creat bainistíochta, go díreach nó faoi lamháltas, ag brath ar na críocha éagsúla; is é is aidhm don chreat bainistíochta sin bainistiú comhtháite agus inbhuanaithe uisce a áirithiú ar leibhéal an Aontais.

4.3. Leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil do 2021–2027 leithdháiltear EUR 386,6 billiún ar an iomlán ar CBT, a bheidh le dáileadh ar na Ballstáit éagsúla agus le cur i bhfeidhm ar bheartais éagsúla den chéad cholún agus den dara colún. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfear buiséad sonrach agus cistí sonracha ar bun le haghaidh uisce, mar atá leagtha amach sa tuairim *An taobh eacnamaíochta de Chomhaontú Gorm don Aontas* ([12]).

4.4. Tá formhór íocaíochtaí díreacha CBT, chomh maith le roinnt íocaíochtaí Cholún 2, faoi réir rialacha tras-chomhlíonta lena gcumhdaítear ceanglais reachtúla bhainistíochta, agus faoi réir caighdeáin dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil lena bhforchuirtear cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta comhtháite maidir le bainistiú uisce le haghaidh uisciú. Léiríodh, áfach, go bhfuil formhór na n-íocaíochtaí neodrach maidir le huisciú ([13]). Ba cheart do scéimeanna uile CBT bainistiú inbhuanaithe agus éifeachtúil uisce a spreagadh, lena n-ionchorpraítear táscairí i ngach Ballstát chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i leith bainistiú uisce.

4.5. Baineann roinnt Ballstát úsáid as cistiú ón Aontas chun tacú le barra atá dian ar uisce i limistéir ina bhfuil strus uisce, gan coimircí a thabhairt isteach, agus úsáid á baint acu as tacaíocht chúpláilte dheonach chun táirgeadh barr a choinneáil nó a mhéadú in earnálacha dianuisce atá i mBallstáit an deiscirt den chuid is mó. Creideann CESE gur gá urraim a thabhairt don bainistiú inbhuanaithe uisce agus don anailís costais is tairbhe inbhuanaithe ní hamháin chun inbhuanaitheacht a áirithiú ach chun éifeachtúlacht in úsáid acmhainní uisce a áirithiú freisin.

([10]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

([11]) The Common Agricultural Policy 2023-2027.

([12]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An taobh eacnamaíochta de Chomhaontú Gorm don Aontas — riachtanais infheistíochta i dtaca leis an uisce san Aontas (tuairim féintionscnaimh) (féach leathanach 50 den Iris Oifigiúil).

([13]) ECA, *Special Report 20/2021: Sustainable water use in agriculture*.

4.6. Ba cheart do na Ballstáit uile clár a choinneáil den uisce dromchla agus den screamhuisce a astarraingíodh chomh maith le clár stórála uisce dromchla. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart é a chur de cheangal ar úsáideoirí uisce údarú a lorg sula n-eastósctar nó sula stóráiltear uisce. Ba cheart do na Ballstáit uile na córais faireacháin atá i bhfeidhm a neartú agus a dhéanamh níos doichte chun go mbeifear in ann úsáid neamhdhleathach uisce a bhrath agus pionós a ghearradh ina leith.

4.7. Measann Cúirt Iniúchóirí an Aontais Eorpaigh nach ndéantar na costais a bhaineann le seirbhísí uisce sa talmhaíocht a aisghabháil go hiomlán, go príomha toisc nach gclúdaítear costais chomhshaoil ná costais acmhainní go leordhóthanach i bpraghsanna uisce. Dar leis an gCoimisiún, tugtar le tuiscint leis sin go mbeidh costas folaithe ann don tsochaí agus go gcuirfear teorainn leis an ioncam a d'fhéadfaí a úsáid chun bearta a mhaoiniú arb é is aidhm dóibh cur chun feidhme éifeachtach na Treorach Réime maidir le hUisce a áirithiú.

4.8. Ní chomhlíontar an prionsabal maidir le haontacht an mhargaidh Eorpaigh i gcás an uisce. Íocann úsáideoirí praghsanna an-difriúil ar sheirbhísí comhchosúla, ag brath ar an mBallstát agus fiú ar shuíomh sonrach na hoibríochta laistigh den Bhallstát. I bhfianaise na saincheiste sin, bheadh sé tairbheach modheolaíocht de chuid an Aontais a chur chun cinn chun córais praghsála uisce a chuíchóiriú agus a chaighdeánú ([14]).

4.9. Tá CESE ag iarraidh ach go háirithe go mbeadh caighdeáin ann atá dírithe ar úsáid uisce in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, mar shampla an talmhaíocht agus an tionsclaíocht, trí struchtúr rialachais a fhorbairt chun treoirlínte earnála maidir le húsáid uisce a fhorbairt, ar cheart CESE a bheith san áireamh iontu ([15]).

4.10. Is de bharr imthosca éagsúla a tháinig méadú ar phraghsanna bia agus ionchuir ar an meán ([16]). Mar sin féin, tugann an staid bhoilscitheach reatha le tuiscint gur tharla laghdú suntasach ar ranníocaíochtaí CBT ar an leibhéal praiticiúil. Ba cheart gníomhaíochtaí buiséadacha iomchuí a dhéanamh chun an cás a chur ina cheart agus chun raon feidhme eacnamaíoch chuspóirí an Aontais a athbhunú.

5. **Moltaí, réitigh agus freagairtí fadtéarmacha**

5.1. Tá ganntanas uisce agus an éigeandáil aeráide ar dhá cheann de na dúshláin is mó a gcaithfidh córas agraibhia an Aontais aghaidh a thabhairt orthu sa lá atá inniu ann. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach an táirgthe bia san Eoraip a áirithiú, tá gá le réitigh chiorclacha agus réitigh nuálacha eile. Moladh coincheap an Chomhaontaithe Ghoirm mar chreat chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ag tógáil ar thaithí agus ar phrionsabail an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

5.2. Ba cheart é a bheith mar thosaíocht uathriail straitéiseach oscailte a áirithiú san earnáil agraibhia ar leibhéal an Aontais. Is gá, dá bhrí sin, díriú ar tháirgeacht talmhaíochta an Aontais a chothabháil, ar bheartais a fhorbairt lena gcuirfear cineálacha barr chun cinn i gcás inar sainaithníodh go bhfuil easnaimh ann, agus ar bharrachas táirgeachta a chomhardú.

5.3. Is é a bheidh i gceist leis an ráthaíocht seo maidir le táirgeadh talmhaíochta nach mór cainníocht agus cáilíocht an uisce a áirithiú, gan na beartais chun laghdú an loirg uisce a chur chun cinn a thréigean. Trí bhíthin na mbeartas chun coigilteas uisce a chur chun cinn sa táirgeadh, beifear in ann tuilleadh acmhainní a chur ar fáil, gan difear a dhéanamh d'inbhuanaitheacht an timthrialla hidreolaíoch.

5.4. Chun lorg uisce na talmhaíochta san Aontas a laghdú, tá gá le meascán de theicneolaíochtaí, de chleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe, de bhainistiú inbhuanaithe agus éifeachtúil uisce, agus de bheartais phoiblí éifeachtacha lena gcuirtear an inbhuanaitheacht chun cinn san earnáil agraibhia.

5.5. Sa chomhthéacs sin, meastar gur gá beartais lena ndreasaítear éifeachtúlacht uiscithe agus úsáid uisce i gcoitinne a chur chun cinn tuilleadh, i réimse CBT agus cistí eile de chuid an Aontais araon. Ba cheart dul chun cinn a dhéanamh maidir le cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe a chur chun feidhme, maidir le teicneolaíochtaí a úsáid lena bhféadfar uisce a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, agus maidir le forbairt barr atá níos frithsheasmhaí in aghaidh triomaigh agus tuilte. Gan na hacmhainní buiséadacha is gá, ní bheifear in ann córais agraibhia athléimneacha inbhuanaithe a fhorbairt san Eoraip.

([14]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Rochtain ar uisce: dul i ngleic leis an mbochtaineacht uisce agus a himpleachtaí don bheartas sóisialta (tuairim féintionscnaimh) (féach leathanach 60 den Iris Oifigiúil) agus Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An taobh eacnamaíochta de Chomhaontú Gorm don Aontas — riachtanais infheistíochta i dtaca leis an uisce san Aontas (tuairim féintionscnaimh) (féach leathanach 50 den Iris Oifigiúil).

([15]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Tionscail atá dian ar uisce agus teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce (Tuairim féintionscnaimh) (féach leathanach 74 den Iris Oifigiúil) agusTuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An taobh eacnamaíochta de Chomhaontú Gorm don Aontas — riachtanais infheistíochta i dtaca leis an uisce san Aontas (tuairim féintionscnaimh) (féach leathanach 50 den Iris Oifigiúil).

([16]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Géarchéim maidir le praghsanna bia: ról na hamhantraíochta agus tograí nithiúla le haghaidh gníomhaíocht i ndiaidh chogadh na hÚcráine (Tuairim féintionscnaimh) (IO C 100, 16.3.2023, lch 51).

5.6. D'fhéadfadh bainistiú inbhuanaithe acmhainní uisce i gceantair thuaithe cuidiú le lorg uisce na talmhaíochta san Aontas a laghdú trí bhearta a chur chun feidhme amhail bogaigh a athchóiriú, criosanna maolánacha a chruthú agus cáilíocht uisce aibhneacha agus lochanna a fheabhsú. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin sna pleananna bainistíochta abhantraí do na habhantracha éagsúla, agus áitíonn CESE ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin.

5.7. Ba cheart buiséad leordhóthanach a chur ar fáil don nuálaíocht agus don taighde, atá dírithe ar theicneolaíochtaí agus ar chleachtais feirmeoireachta a fhorbairt atá níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe maidir le húsáid uisce. Tá sé tábhachtach freisin tacú le forbairt beartas agus cleachtas lena gcuirtear chun cinn an talmhaíocht bheacht, bainistiú inbhuanaithe ithreach agus cumas na hithreach uisce a choinneáil, agus an t-eolas géanómaíoch ar phlandaí agus ar shíolta a oiriúnú.

5.8. Trí laghdú a dhéanamh ar an méid bia a chuirtear amú, is féidir laghdú a dhéanamh ar an méid uisce is gá chun bia a tháirgeadh. Is féidir é sin a bhaint amach trí fheachtais lena spreagtar oideachas do thomhaltóirí, bainistiú feabhsaithe ar an slabhra soláthair, agus teicneolaíochtaí nuálacha caomhnaithe bia a chur chun cinn.

5.9. Ba cheart do na Ballstáit beartais praghsála uisce atá trédhearcach a chur chun feidhme lena ndreasófar éifeachtúlacht agus coigilteas agus lena n-áiritheofar go rannchuideoidh gach catagóir d'úsáideoirí uisce go leordhóthanach le haisghabháil costas, i gcomhréir le prionsabail na Treorach Réime maidir le hUisce.

5.10. Tuigtear go bhféadfadh praghsáil toirtmhéadrach ar leibhéal iomchuí spreagadh a thabhairt aistriú chuig cleachtais uiscithe atá tíosach ar uisce agus chuig teicneolaíochtaí nó barra a dteastaíonn níos lú uisce uathu. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit sin a bhfuil sé mar nós acu uisce don uisciú a bhilleáil ar bhonn an limistéir uiscithe an cleachtas sin a stopadh de réir a chéile.

5.11. Chinn Cúirt Iniúchóirí an Aontais Eorpaigh nach bhfuil na costais a bhaineann le seirbhísí uisce sa talmhaíocht aisghafa ina n-iomláine. Cúis amháin leis seo ná nach gclúdaítear (go fóill) costais chomhshaoil agus acmhainne i bpraghsáil an uisce. Ciallaíonn sé sin go bhfuil líon mór díolúintí sonracha ann maidir le praghsanna uisce don uisciú, rud a fhágann gur saoire an t-uisce don talmhaíocht ná le haghaidh úsáidí eile. In áit deireadh a chur leis an gcur chuige sin, tuigtear gur cheart athmheasúnú a dhéanamh ar na beartais ghinearálta sin, agus dreasachtaí agus luach saothair le haghaidh coigiltis uisce a chur ar fáil in áit díolúintí.

5.12. Is doiciméad é an Treoir Réime maidir le hUisce a dréachtaíodh 23 bliana ó shin i gcomhthéacs eacnamaíocha, sóisialta agus clíomeolaíochta a bhí an-difriúil ón gceann atá ann faoi láthair. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chuid dá hábhar, ionas gur féidir leis an Treoir Réime maidir le hUisce a bheith ina hionstraim éifeachtach chun tacú le slándáil bia.

5.13. Ós rud é, faoi phrionsabal na coimhdeachta, go bhfuil sé de shaoirse ag na Ballstáit an oibleagáid maidir le húdarú a lorg chun uisce a eastóscadh, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú de réir critéir aonair (ar leibhéal an stáit nó ar an leibhéal réigiúnach), fuarthas amach go mbíonn easpa smachta ar rochtain ar dhobharlaigh screamhuisce áirithe mar thoradh ar an ilchineálacht sin. Ar an gcúis sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit araon teacht ar chomhaontú maidir le critéar níos roghnaí agus ba cheart dóibh diancheanglais rialála agus coinníollachta a chur i bhfeidhm maidir le hastarraingt uisce dromchla agus screamhuisce araon.

5.14. Ní mór nuachóiriú na gcóras uiscithe a fheabhsú agus a spreagadh, go háirithe chun caillteanais mar gheall ar sceitheadh i líonraí agus galú i gcainéil oscailte agus i linnte a laghdú. Ba cheart do CBT agus do chistí eile an Aontais rannchuidiú le struchtúir nua uiscithe a fhorbairt, gan tacú le cásanna a sháraíonn cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce.

5.15. I gcomhréir le pointe 3.4, glacadh an Rialachán maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce i mí na Bealtaine 2020 ([17]). Sa Rialachán nua sin maidir le fuíolluisce a athúsáid le haghaidh uisciú talmhaíochta, leagtar amach na híoscheanglais maidir le cáilíocht uisce, faireachán, bainistiú riosca agus trédhearcacht, agus cuirfear i bhfeidhm é ó 2023 ar aghaidh. De réir na hanailíse a rinneadh, beifear in ann níos mó ná 50 % den toirt iomlán uisce atá ar fáil go teoiriciúil le haghaidh uisciú ó ionaid chóireála fuíolluisce san Aontas a athúsáid, rud a sheachnódh níos mó ná 5 % den astarraingt dhíreach ó dhobharlaigh agus ón screamhuisce. Is é an toradh a bheidh air sin go dtiocfaidh laghdú níos mó ná 5 % ar strus iomlán an uisce. Ba cheart, dá bhrí sin, maoiniú saoráidí athúsáide den sórt sin a spreagadh, agus ba cheart bearta réamhchúraim a spreagadh, freisin, chun truailliú ithreach a sheachaint agus chun uisce sábháilte don talmhaíocht a áirithiú.

([17]) Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce (IO L 177, 5.6.2020, lch. 32).

5.16. Trí thalmhaíocht uirbeach agus pheirea-uirbeach a chur chun cinn, is féidir laghdú a dhéanamh ar an ngá atá le bia a iompar ó cheantair thuaithe, rud a laghdóidh an lorg carbóin (próiseas dhícharbónú na talmhaíochta) chomh maith le húsáid uisce sa talmhaíocht. Ina theannta sin, beifear in ann leas a bhaint as uisce báistí agus uisce ó chórais athchúrsála uiscithe sna córais uiscithe uirbeacha.

5.17. Le húsáid fuinnimh in-athnuaite, amhail grianfhuinneamh agus fuinneamh gaoithe, is féidir foinse fuinnimh inbhuanaithe a chur ar fáil do na córais athúsáide uisce, do na córais díshalannaithe, agus don uisciú agus do threalamh talmhaíochta eile. Ar an gcaoi sin laghdófar an lorg carbóin (próiseas dhícharbónú na talmhaíochta) agus ídiú uisce.

5.18. Is féidir leis na réitigh chiorclacha agus na réitigh eile sin rannchuidiú le Comhaontú Gorm a chur ar fáil don Aontas amach anseo, lena dtabharfar aghaidh ar an nganntanas uisce agus ar an éigeandáil aeráide i gcóras agraibhia an Aontais. Tá sé tábhachtach leanúint de ghrinnscrúdú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua agus ar chleachtais nuálacha chun éifeachtúlacht uisce a fheabhsú agus chun inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach an táirgthe bia san Eoraip a áirithiú.

5.19. Meastar go bhfuil sé riachtanach an bonneagar a áirithiú lenar féidir uisce a stóráil, a dháileadh agus a íonú, agus chun iarmhairtí na bhfeiniméan adhaimsire a chosc. Ba cheart an tsamhail bhainistíochta don bhonneagar sin a bheith bunaithe ar phrionsabail na sláine agus na hinbhuanaitheachta, agus inmharthanacht chomhshaoil á háirithiú san am céanna. I bhfianaise na ndeacrachtaí buiséadacha a d'fhéadfadh a bheith ag na húdaráis riaracháin phoiblí, féadfar anailís a dhéanamh ar fhoirmlí malartacha airgeadais agus comhair.

5.20. Cuireann an Treoir Réime maidir le hUisce iallach ar na Ballstáit pleananna bainistíochta abhantraí a dhréachtú agus a athnuachan. Measann CESE nach raibh comhleanúnachas ann i dtaca le cur chun feidhme, raon feidhme agus comhlíonadh na bpleananna sin. Dá bhrí sin, measann CESE gur cheart do na Ballstáit dlús a chur le pleananna straitéiseacha atá dírithe ar shlándáil uisce a ráthú mar aon le creat don talmhaíocht lenar féidir athléimneacht chórais bhia an Aontais a áirithiú. Ba cheart acmhainní buiséadacha Eorpacha leordhóthanacha a chur ar fáil do na pleananna straitéiseacha, ar an gcaoi a bhfuil sé leagtha amach i bpointe 4.3. Ba cheart amlínte sonracha a bhunú freisin agus cuspóirí agus tosaíochtaí a leagan síos de chomhthoil, i gcomhréir leis na breithnithe agus na tograí a leagtar amach sa tuairim seo.

An Bhruiséil, an 13 Iúil 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE